# CINNTÍ

## CINNEADH (CBES) 2023/1302 ÓN gCOMHAIRLE

**an 26 Meitheamh 2023**

**lena leasaítear Cinneadh 2013/354/CBES maidir le Misean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh do na Críocha Palaistíneacha (EUPOL COPPS)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 3 Iúil 2013, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/354/CBES [1], lenar leanadh ar aghaidh le EUPOL COPPS ón 1 Iúil 2013.

(2) An 27 Meitheamh 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/1018 [2] lena leasaítear Cinneadh 2013/354/CBES agus lena gcuirtear síneadh leis ón 1 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2023.

(3) An 28 Feabhra 2023, i gcomhthéacs an Athbhreithnithe Straitéisigh chomhordaithe ar EU BAM Rafah agus ar EUPOL COPPS, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála gur cheart síneadh a chur leis an dá mhisean go dtí an 30 Meitheamh 2025, i bhfoirm dhá shíneadh, bliain an ceann.

(4) Agus faisnéis a chuir Iosrael agus Údarás na Palaistíne ar fáil á cur san áireamh, ba cheart, ag an gcéim sin, síneadh bliana a chur le EUPOL COPPS, go dtí an 30 Meitheamh 2024.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2013/354/CBES a leasú dá réir.

(6) Cuirfear EUPOL COPPS i gcrích i gcomhthéacs staid a bhféadfadh meath teacht uirthi agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh 2013/354/CBES mar a leanas:

(1) in Airteagal 12(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

'Is é EUR 11 360 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá ceaptha an caiteachas a bhaineann le EUPOL COPPS a chumhdach don tréimhse ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024.';

(2) in Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú mír:

'Rachaidh sé in éag an 30 Meitheamh 2024.'

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2023.

[1] Cinneadh 2013/354/CBES ón gComhairle an 3 Iúil 2013 maidir le Misean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh le haghaidh na gCríoch Palaistíneach (EUPOL COPPS) (IO L 185, 4.7.2013, lch. 12).

[2] Cinneadh (CBES) 2022/1018 ón gComhairle an 27 Meitheamh 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2013/354 ón gComhairle a maidir le Misean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh do na Críocha Palaistíneacha (EUPOL COPPS) (IO L 170, 28.6.2022, lch. 76).

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 26 Meitheamh 2023.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. BORRELL FONTELLES